

Oifigeach um Bainistiú Cáilíochta TF

Aonad: Seirbhísí um Chlaochlú Digiteach

Tagairt: ECDC/AD/2021/DTS-ITQMO

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC):

Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú chun an folúntas thuasluaite a líonadh. Tá sé mar aidhm ag ECDC liosta ionadaithe a chur ar bun freisin, a fhéadfar a úsáid le haghaidh aon fholúntas amach anseo sa réimse seo a líonadh.

Mar Oifigeach Bainistíochta Cáilíochta TF, tabharfaidh an té a bhfuil post aige/aici saineolas agus ceannaireacht den chéad scoth i mbainistiú cáilíochta TF, i bhfeabhsúchán leanúnach seirbhíse agus i rialú cáilíochta bogearraí. Beidh sealbhóir an phoist freagrach do Cheann na Rannóige um Rialachas Digiteach, san Aonad Seirbhísí Claochlaithe Dhigitigh (DTS).

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Creat rialaithe agus dearbhaithe cáilíochta TF a shainiú agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh na táirgí agus na seirbhísí TF nuafhorbartha agus atá ann cheana den chaighdeán is airde;
- Soláthar agus bainistiú conarthaí a dhéanamh laistigh de réimse an dearbhaithe cáilíochta TF agus na bainistíochta cáilíochta;
- Clár oibre cáilíochta DTS a mholadh agus a bhainistiú, faireachán agus comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe;
- An feabhsú leanúnach ar sheirbhís (CSI) laistigh den Aonad DTS a bhainistiú;
- Tacú le dearadh na bpróiseas inmheánach agus na dteimpléad gaolmhar i gcomhréir le beartais agus caighdeán cháilíochta ECDC;
- Faireachán, rialú agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht na bpróiseas, na nósanna imeachta agus na dtáirgí san Aonad DTS;
- Tionscnaimh, beartais agus caighdeán cháilíochta ECDC a chur in iúl agus a chur chun cinn laistigh den Aonad DTS. Cur de réir mar is gá le cur chun feidhme Chóras

Bainistíochta Cáilíochta ECDC agus ionadaíocht a dhéanamh don Aonad DTS i ngrúpaí stiúrtha gaolmhara;

- Straitéisí agus creataí tástála a shainiú agus a chur chun feidhme. Tástálacha inghlacthachta láithreáin agus úsáideora a phleanáil agus a chomhordú chun cur i gcrích na ngníomhaíochtaí tástála a áirithiú ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil;
- Cúraimí/misin eile a dhéanamh de réir mar a shanntar iad nó de réir mar is gá chun cuspóirí a bhaint amach agus de réir na réimsí freagrachta.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad a leanas na riachtanais atá i gceist:

- leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe 3 bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma¹
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh²;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas:

- Cúig bliana de thaithí ghairmiúil ar a laghad, tar éis an dioplóma a bhaint amach, agus ina measc, trí bliana i bpoist atá ábhartha don chur síos ar an bpost;
- Taithí chruthaithe ar chórais um bainistiú cáilíochta a chur chun feidhme (ISO nó a leithéid);

1 Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

2 Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).

Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne buneolas a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

3 Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

- Taithí ar optamú Saolré Forbartha Bogearraí do thionscadail/cláir mhóra agus casta TF le páirtithe leasmhara éagsúla, díoltóirí, go hidéalach agus cur chuige DevSecOps á leanúint;
- Deimhniú in ISO 9001 nó Lean Sé Sigma nó Bainisteoir Cáilíochta Deimhnithe (CQM) nó Bainisteoir Cáilíochta Deimhnithe Bogearraí (CSQM) nó Iniúchóir Cáilíochta Deimhnithe (CQA) nó Anailísí Cáilíochta Bogearraí Deimhnithe (CSQA) nó deimhniú coibhéiseach i mbainistiú cáilíochta;
- Sáreolas ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Bheith dírithe ar thorthaí a bhaint amach agus ar sheirbhís a chur ar fáil;
- An cumas chun oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a chothú;
- Tiomanta don fhoghlaím leanúnach agus a bheith ar an eolas maidir le forbairtí laistigh den réimse saineolais;
- Sárscileanna anailíseacha agus cumas chun struchtúr agus ábharthacht a aimsiú i méideanna móra faisnéise/sonraí;
- Sárscileanna cumarsáide agus an cumas cumarsáid chuí a dhéanamh ar gach leibhéal den eagraíocht, áirítear leis sin cumarsáid scríofa agus bhriathartha chomh maith le hamharcléiriú.

Ag brath ar an líon iarratas a fhaightear, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos déine a chur i bhfeidhm mar chuid de na critéir roghnúcháin atá sonraithe thuas.

Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Déantar tearcionadaíocht do mhná sa réimse gnó seo. Dá bhrí sin, moltar do mhná iarratas a dhéanamh.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun Airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád **AD 5**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501>

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach teanga oifigiúil AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.